# Coimisiún na Scrúduithe Stáit
# Scrúdú an Teastais Shóisearaigh 2017 – Junior Certificate Examination 2017
# Gaeilge: Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal
# Triail chluastuisceana

Tá trí chuid sa trial seo. Cuid A, Cuid B agus Cuid C

**Cuid A**

**An Chéad Chainteoir**
Cén chaoi an bhfuil sibh? Ailbhe Nic Óráin anseo. Tá cónaí orm in aice le Tuar Mhic Eádaigh i gContae Mhaigh Eo. Sa bhliain dhá mhíle agus a dó a saolaíodh mé. Tá beirt deirfiúracha agam, Muireann agus Ursula. Is cúpla iad, agus tá said seacht mbliana déag d'aois. Imrím peil Ghaelach agus is í Cora Staunton an laoch spórt is rogha liom.

**An Dara Cainteoir**
Ardal Ó Dónaill an t-ainm atá orm. Cónaím i gCionn tSáile i gContae Chorcaí. Is múinteoirí bunscoile iad mo thuismitheoirí. Páiste aonair is ea mé. Is í an eolaíocht an t-ábhar scoile is fearr liom, agus imrím eitpheil ag leibhéal cuíosach ard. D'imir mé ar fhoireann na hÉireann faoi-sé bliana déag i gcoinne na Rúise i gcomórtas idirnáisiúnta eitpheile coicís ó shin.

**Cuid B**

**Fógra**
Gabh mo leithscéal, a mhúinteoirí agus a scoláirí. An príomhoide ag caint libh. Ní bheidh ceaintín na scoile ar oscailt amárach ná an lá dár gcionn. Beidh cuisneoir nua agus sorn nua á gcur isteach sa chistin, ach beidh ceapairí agus sóláistí eile ar díol i siopa na scoile an dá lá sin. Go raibh maith agaibh.

**Píosa Nuachta**
Anois seo hí réamhaisnéis na haimsire ar TG4. Leanfaidh an aimsir fhuar go ceann seachtaine eile ar a laghad. Beidh sioc trom ar fud na tíre anocht, agus beidh an teocht chomh híseal le trí chéim Celsius faoin reophointe i lár na tíre. Titfidh sneachta ar thailte arda.

**Cuid C**

**Comhrá a hAon**

**Saoirse:** An bhfuil mé ag labhairt le Ruairí Ó Fiannachta?
**Ruairí:** Tá, cinnte. Agus an í sin Saoirse Nic Giolla Easpaig?
**Saoirse:** Bail ó Dhia ort, a thaisce. Cad é mar a d'aithin tú mo ghlór?
**Ruairí:** Tá do ainm agus do uimhir i mo fhón ó bhuail muid le chéile ag Oireachtas na Samhna i gCill Airne!

**Saoirse:** Nollaig shona duit, a Ruairí.
**Ruairí:** Gurb amhlaidh duitse, a Shaoirse. Cad é mar atá tú?
**Saoirse:** Ar mo sháimhín suilt, a Ruairí. Tá mé ag cuidiú le mo athair inniu maisiúcháin na Nollag a chuir suas.
**Ruairí:** Maith thú! Caithfidh go bhfuil éileamh ort, a Shaoirse, ó bhain tú an chéad duais amach san amhránaíocht ag an Oireachtas.
**Saoirse:** Aidhe, bhí mé ar RTÉ agus ar TG4 cúpla uair, ceart go leor.

**Comhrá a Dó**

**Cearúil:** Tá brón orm, a Fhionnuala, ach níor fhreagair mé an téacs uait.
**Fionnuala:** Is cuma faoi, a Chearúil. Nach bhfuilimid ag caint le chéile anois?
**Cearúil:** Dúirt tú liom gur bhuail tú le haisteoir cáiliúil sa Daingean inné.
**Fionnuala:** 'Sea. Bhuail mé le Mark Hamill. Sin Luke Skywalker as *Star Wars*, mar is fearr aithne air.

**Cearúil:** Cén fáth a' raibh sé sa Daingean?
**Fionnuala:** Bhí sé ag tabhairt cuairte ar Fungie.
**Cearúil:** Fungie? Bhí mé cinnte go raibh Fungie marbh um an dtaca seo.
**Fionnuala:** Tá Fungie fós i mbarr a mhaitheasa, cé go raibh timpiste aige an tseachtain seo caite.
**Cearúil:** Cén saghas timpiste?
**Fionnuala:** Gortaíodh Fungie nuair a bhuail bád faoi agus ghearr an lann liáin é.